Dursan toisg Dhonnchaidh mhic Bhriain
[TCD 1381 (H.5.9), 18 (Second Copy)]
Cam Cluana Ó Dubhagáin (see qt 37)
[Deibhidhe, Ógláchas with irregular syllable-count]

1 Dursan toisg Dhonnchaidh mhic Bríain
da oilitre da háirdchiadh [leg. -Chliaigh?]
ionnsa gan tíacht da thoigh
acht cidh maith é da anmuin.
2 Certleith Eirionn mor an modh
d'éis Bríain do bhí ag Murchadh
gur áontaigh sé dul tair muir
air mhaith da anm(h)uin íodhain.
3 Tugadar tigernus dó
fir Eirionn uile a n-áonló
'sa ríogh(dh)a[dh] a tTeamhraigh Thruim
on ló nar mhair Máol Seachloinn.
4 "Os [s]ibh-si an slúagh is garg gal
aithne dhuinn" do rá[i]dh Donnchadh
"ní thréigfinn an Róimh a-bhos
air thrill da bhur ttighernus."
5 "Dul a ttimcheall reilge Pedur
'sa beth inte 'na hárdleabaidh
ni threigfinn í cend a ccend
ar shlúagh iomnuthach Éirionn."
6 "Maith mo cháirde a nÉirinn fhuair
da mairdís a ndeachaidh úainn
Brían Murchadh Torrdealbhach tend
Tadhg basgheal Dumhluin (?) Domhnall."
7 "Da mairdís an seiser sin [17]
ní fhuigfinn Éirinn íodhain
o nach mair gach sáorfher seng
marthain úaim d'áoibhnes Eirionn."
8 "Marthain do Chorcaigh na ccúan
is do Luimneach bhile phratrúaidh
martain do Dhún Inbhir uill
is do Dhún Trí Líag as Lochdruim."
9 "Dún Crot is Dún Claire
is Dún Eochaidh máighe
gidh ionmain íad mor an modh
annsa dún Chinn Choradh."
10 Imdhighis Donnchadh 'na dhíaigh
faccbhus Mu(dh)mha fa mhórchía[i]dh
ar ndul 'na luing tar linn
léigther trí gárrtha a nEirinn.
11 Guilid mná Baisginn a-muigh
guilid mná síth Eochaidh
guilid mna sith Cermoda cuirr
is mna síth Emhna síthmoill.
12 Mna síth ós Loch Deirgthirt deirg

is mna Caisil gan chláon chénd[...]
guilid sin bágach a ngul [16]
re mnáibh magacha Mumhan.
13 Tri lá is tri hoidhche gan ble (?)
bo gan benn bhuighe[s]
gan spéis a n-inghin na mac
d'éis mhic righ Eireann d'imthecht.
14 Do fhágaibh iath Fail na ffhleadh
eder es $_{7}$ inbher
téid Donnchadh Clíach as Cláire
go himper na hAlmáinne.
15 As e fa himper ann sin
mac rí na Sorcha Sóthaimh
fer a ttanaic (?) a nEirinn uill
re ré Bríain is Máoil Seachloinn.
16 Tucc Donnchadh dána dil
a lámh a láimh an impir
tucc imper na ttra ttána
a lámh a láimh Dhonnchadh[a].
17 Do fhás cogadh san tír thsoir
ag Iudhlaibh fa[n am?]-sin
re Crístaidhibh fáth gan on
táom sin fa des re Donnchadh.
18 Do curedh an cath go tend [15]
sa[n] ló re feruibh Éirionn
ar Shodhain dar ngiall gacha (?) ngile (?)
lomnán don ghlíadh a ghassraidh.[r]
19 Fithche céad do tarchadh leó
días fa gach fer 's ní hanghleó
do thuit cead is da cead fer
re láimh Dhonnchaidh 'na háonar.
20 Ni térno beó 'na mbeataidh
do shlúaghuibh Donnchaidh dheighbhreathaigh
dha céad dhéag (?) trúagh an teidhim
acht sé fir dhéug gan tuitim.
21 Tucc bean an impir mas fíor
grádh mór do mac an airdrígh
a háonrógha don uile fher
is í dá ghuidhe os ísiol.
22 Do dhiult Donnchadh na ttreas tte
a guidhe do ghabáil úaithe
gur ffherr leis qumann an righ
nas a milleadh tre mhighníomh.
23 O nar fháom sin Donnchadh dil
gabáil guidhe on inghin
do fhuráil air a teghlach tren
marbhadh Donnchaidh 'sa dheibhlén.
24 Iodhlacthar sa lúbhghort lán [14]
Donnchadh 's a bhuidhean macámh
narbh fidir neach tshíar no thsoir

créd i uidhe Dhonnchaidh.
25 Ticc an t-impir treall da thoigh
d’fios an láoich ó lios Luim(e)[nigh]
ní ffhuair a bheó thall no a-bhos
acht gidh do íar dó árus.
26 Trí ráithe gan fhios d’[fhagh]áil
air slios gacha qúain qubharbháin
do bhí an t-impir turseach dhi
dob fhíorchuimseach an chumhaidh.
27 Oídhche dhó ’na iomdha féin
ag íarmherghe gan oilbhéim
go gcúala sa lúbghort ór [leg. ós?] linn
cantairecht chlúthmur cheóilbhinn.
28 Aithníos úaigh Dhonnchaidh Dhú[i]n Chúirc
úadh ann ar fedh a radhairc
toimhsios a tháobh seda sín
[ionann?] comhfhad don días-sin.
29 Adamhar dhó-san díol Donnchaidh
dóibh pféin níor ghníomh cabhartha
fa crúaidh an gniomh-sa san gárrtha
trúagh a ndíol ’s a n-árdmhartra.
30 Loisgther leis an ríogan ráin [13]
a háois fédhm(gh)a as fíorghráidh
nior thruagh liom deacair a n-uilc
feall ní dheachaidh gan dioghailt.
31 Do-ní mainister Mhure
re hanam gach aonnduine
a mbrigh ní dheachaidh gan dul
sa chethar dhiobh do Dhonnchadh.
32 Énghaire beó ’na dhíaigh sin
ní dhernadh leis an impir
is ni dherna creach san tír thsoir
an fad do bhí ’na bhethaidh.
33 Ni tugadh re blíadhain bháin
cath a ttír an tSamhdáin
nach mbedh Donnchadh na ccéd ccath
’s a sé fir dhég ’na ttosach.
34 A ttri ccioll [leg. geall?] o Murchadh mac Bríain
do fuair Donnchadh díaigh a ndíaigh
geall deilbhe is geall dreiche
geall suirghe ó gach sáorfhlaith.
35 Tar eis Domhnaill mheic Émoinn fhéil
7 Bhaisgin uí Bhaisgéin
tar éis an churadh go ngile
rí Cia(th)raighe Ó Conqhubhair.
36 Tar éis catha Clúana Tarbh [12]
mo ghrádh d’Éirinn is anmhall
d’éis Bríain is Mhurchaidh go ngile
Donnchaidh is Táidhg Uí Cheallaigh.
37 Tar eis theghlaigh thighe Bríain

ionnsa mo bheth fa mhórchía[i]dh
is me an Cam ó Chlúain chlogbhinn Chláir
sáor me a Mhichael air mhórphláigh.